C/2026/5450

21.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12298 — SNOWHAWK / ARES / MACQUARIE / DATA REALTY GROUP / PRIME DATA CENTRES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5450)

1. An 7 Deireadh Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Partridge Aggregator LP ('Partridge', na Stáit Aontaithe), faoi rialú Snowhawk LP ('Snowhawk', na Stáit Aontaithe),

— Ares Management Corporation ('Ares', na Stáit Aontaithe), faoi rialú deiridh Ares Partners Holdco LLC ('Ares Partners', na Stáit Aontaithe),

— Wholesale DC Asset Holdings LLC ('WDCAH', na Stáit Aontaithe), faoi chomhrialú Macquarie Group Limited ('Macquarie', an Astráil) agus Ares tráth an idirbhirt ([2]),

— Data Realty Group ('DRG', na Stáit Aontaithe), faoi rialú deiridh Nicholas Laag,

— Prime Data Centers LLC ('Prime Data Centers', na Stáit Aontaithe), faoi rialú comhpháirteach Macquarie (trí WDCAH), Ares agus DRG faoi láthair.

Fuair Ares rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Prime Data Centers.

Baineadh an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta príobháidí é Snowhawk a infheistíonn sna hearnálacha teicneolaíochta, bonneagair dhigitigh agus nascachta,

— Is bainisteoir infheistíochta malartaí domhanda é Ares agus cuireann sé réitigh chomhlántacha infheistíochta príomha agus tánaistí ar fáil do chliaint ar fud cineálacha sócmhainní an chreidmheasa, an chothromais phríobháidigh, na réadmhaoine agus an bhonneagair,

— Is grúpa airgeadais é Macquarie a sholáthraíonn réitigh bainistíochta sócmhainní agus airgeadais, bhaincéireachta, chomhairleacha agus riosca agus chaipitil do chliaint ar fud fiachais, cothromais agus tráchtearraí. Tráth an idirbhirt, tá leas urlámhais ag Macquarie in Prime Data Centers trí WDCAH, cuideachta sealbhaíochta faoi chomhrialú Macquarie agus Ares,

— Is ciste infheistíochta é DRG a infheistíonn ar fud an domhain i ngnólachtaí a fhreastalaíonn ar riachtanais bonneagair sonraí. Díríonn straitéis infheistíochta DRG ar ionaid sonraí, lena n-áirítear oibríochtaí agus forbairt,

— Soláthraíonn Prime Data Centers réitigh bonneagair lárionaid sonraí, agus cuireann sé saoráidí ar fáil atá deartha chun tacú le riachtanais sonraí gnólachtaí, le fócas ar an inbhuanaitheacht agus ar an tslándáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) Chuir Macquarie díol a ghill iomláin in Prime le DRG i gcrích an 27 Márta 2026.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([3]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12298 — SNOWHAWK / ARES / MACQUARIE / DATA REALTY GROUP / PRIME DATA CENTRES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([3]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.